CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/532 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Aibreán 2022

lena mbunaítear liosta de thásca geografacha atá faoi chosaint ag Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle atá le comhdú mar iarratais ar chlárú idirnáisiúnta de bhun Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 1957)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha ([2]) ("Ionstraim na Ginéive"), is comhaontú idirnáisiúnta é faoina gcuireann na Páirtithe Conarthacha córas chun feidhme chun ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha a chosaint go frithpháirteach.

(2) Tar éis Chinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle ([3]) maidir le haontachas an Aontais le hIonstraim na Ginéive, rinne an tAontas an ionstraim aontachais le hIonstraim na Ginéive a thaisceadh an 26 Samhain 2019. Tháinig aontachas an Aontais le hIonstraim na Ginéive i bhfeidhm an 26 Feabhra 2020. Ós rud é gurbh é an tAontas an cúigiú Páirtí Conarthach a d'aontaigh d'Ionstraim na Ginéive, tháinig Ionstraim na Ginéive i bhfeidhm an dáta céanna sin, i gcomhréir le hAirteagal 29(2) d'Ionstraim na Ginéive.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 5(1) agus (2) d'Ionstraim na Ginéive, féadfaidh Údaráis Inniúla gach Páirtí Chonarthaigh in Ionstraim na Ginéive iarratais a chomhdú maidir le clárú idirnáisiúnta ainmniúcháin tionscnaimh nó táisc gheografaigh le Biúró Idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil, a chláróidh é sa Chlár Idirnáisiúnta. I gcomhréir le hAirteagal 9 d'Ionstraim na Ginéive, sa deireadh féadfaidh na Páirtithe Conarthacha eile cinneadh a dhéanamh an bhfuil siad chun an t-ainmniúchán tionscnaimh nó an tásc geografach sin a chosaint laistigh dá gcríoch féin i bhfianaise nós imeachta sonrach um scagadh.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2019/1753, chun críocha an Rialacháin sin agus na ngníomhartha a glacadh dá bhun, cumhdaítear sa téarma "tásca geografacha" na sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus na tásca geografacha faoi chosaint de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

(5) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2019/1753, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún, ina cháil mar Údarás Inniúil an Aontais, iarratais a chomhdú maidir le clárú idirnáisiúnta ainmniúcháin tionscnaimh an Aontais agus thásca geografacha an Aontais leis an mBiúró Idirnáisiúnta tar éis aontachas an Aontais le hIonstraim na Ginéive agus, ina dhiaidh sin, ar bhonn rialta.

(6) Idir mí na Samhna agus mí na Nollag 2021, sheol na Ballstáit 18 n-iarratas chuig an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2019/1753, maidir le sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó tásca geografacha faoi chosaint ar de thionscnamh a gcríche iad agus atá cosanta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 a chlárú sa Chlár Idirnáisiúnta.

([1]) IO L 271, 24.10.2019, lch. 1.
([2]) IO L 271, 24.10.2019, lch. 15.
([3]) Cinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2019 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (IO L 271, 24.10.2019, lch. 12).
([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1).

(7) Ainmneacha atá cosanta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 mar shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint (STFC) agus mar thásca geografacha faoi chosaint (TGFC), ba cheart iad a chomhdú mar iarratais ar chlárú sa Chlár Idirnáisiúnta mar ainmniúcháin tionscnaimh agus mar thásca geografacha faoi seach.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart liosta de shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint (STFC) agus tásca geografacha faoi chosaint (TGFC) a bhunú, é bunaithe ar na hiarrataí a sheol na Ballstáit chuig an gCoimisiún chun iarratais a chomhdú maidir le tásca geografacha ar de thionscnamh a gcríche iad agus atá cosanta san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 a chlárú go hidirnáisiúnta.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Beartas Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal Aonair

Bunaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo liosta de shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint atá cosanta faoi Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 atá le comhdú mar iarratais ar chlárú idirnáisiúnta ag an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Aibreán 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Liosta de na tásca geografacha faoi chosaint san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint) le comhdú mar iarratais ar chlárú idirnáisiúnta de bhun Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/1753

An Ghearmáin

— Kölsch (TGFC)

An Ghréig

— Ελιά Καλαμάτας/Elia Kalamatas (STFC)

— Γραβιέρα Νάξου/Graviera Naxou (STFC)

— Κονσερβολιά Ροβίων/Konservolia Rovion (STFC)

— Μαστίχα Χίου/Masticha Chiou (STFC)

An Fhrainc

— Huile d'olive de Haute-Provence (STFC)

— Morbier (STFC)

— Piment d'Espelette/Piment d'Espelette - Ezpeletako Biperra (STFC)

— Canard à foie gras du Sud-Ouest (Chalosse, Gascogne, Gers, Landes, Périgord, Quercy) (TGFC)

— Emmental français est-central (TGFC)

— Emmental de Savoie (TGFC)

— Huîtres Marennes Oléron (TGFC)

— Jambon de Bayonne (TGFC)

— Pruneaux d'Agen (TGFC)

— Tomme de Savoie (TGFC)

An Iodáil

— Finocchiona (TGFC)

An Rómáin

— Telemea de Ibăneşti (STFC)

— Magiun de prune Topoloveni (TGFC)